# Réimse leathan de mhodheolaíochtaí gníomhacha a úsáid chun freastal ar riachtanais na bpáistí i do rang

## Réamhrá

Tá d'aidhm ag an ábhar seo tacú leat chun réimse leathan de mhodheolaíochtaí gníomhacha a úsáid i do cheacht OSPS/OCG chun freastal ar riachtanais gach páiste i do rang. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Réimse de mhodheolaíochtaí gníomhacha
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?[1]
- Léitheoireacht bhreise.

Tá na modheolaíochtaí gníomhacha a úsáidtear chun OSPS/OCG a theagasc ríthábhachtach maidir le héifeachtacht na foghlama a tharlaíonn. Ba cheart an bhéim i dteagasc OSPS/OCG a bheith ar fhoghlaim ghníomhach mar a dtugtar deiseanna do pháistí a bheith páirteach go gníomhach ina bhfoghlaim ar leibhéil éagsúla (CNCM, 1999a, lch. 54). Le foghlaim ghníomhach, is féidir cur go suntasach le féinmhuinín, féinsmacht agus féinriail a chothú trí ligean do pháistí an fhoghlaim a aimsiú dóibh féin. Mar gheall ar fhoghlaim ghníomhach is féidir cialla nua agus tuiscintí nua a chruthú, agus spreagtar páistí le freagracht níos mó a ghlacadh as a bhfoghlaim féin. Is é an rud is tábhachtaí, spreagtar páistí le naisc bhríocha a dhéanamh lena saol agus a n-eispéiris féin agus foghlaim a aistriú go cásanna éagsúla.
Tá sé tábhachtach timpeallacht dhearfach scoile agus ranga a chruthú, a thacaíonn le húsáid modheolaíochtaí gníomhacha. Sa timpeallacht seo, cuirtear luach ar dhaltaí, agus tugtar aire agus meas dóibh. Cuireann múinteoirí ar fáil eispéiris lena gcothaítear féinmhuinín agus féinmheas a ndaltaí, agus spreagtar scoláirí lena dtuairimí a chur in iúl le muinín trí spreagadh agus caidrimh dhearfacha idir an múinteoirí agus na daltaí agus idir na daltaí.

## Réimse de mhodheolaíochtaí gníomhacha

Braithfidh rogha na modheolaíochtaí gníomhacha is oiriúnaí ar roinnt fachtóirí, mar shampla: infhaighteacht spáis; an bhfuil tú ag teagasc i comhthéacs comhranganna; aois na bpáistí; agus cad atá oiriúnach le haghaidh saincheisteanna agus topaicí faoi leith. Is féidir leat smaoineamh ar réimse de mhodheolaíochtaí gníomhacha a chur ar fáil do pháistí i rith na bliana agus a chinntiú go mbíonn cleachtadh agus modheolaíochtaí dóthanacha ag páistí sula mbainfear úsáid astu le haghaidh topaicí nó saincheisteanna íogaire. Cuirtear ar fáil i gcuraclam OSPS réimse samplaí de conas is féidir modheolaíochtaí gníomhacha a úsáid agus is túsphointe maith é agus tú ag tosú ag obair leis na modheolaíochtaí seo.

**Súgradh:** Le súgradh faoi stiúir an pháiste tugtar deiseanna chun comhoibriú, idirbheartaíocht a dhéanamh, géilleadh, iad féin a chur in iúl, coimhlintí a réiteach, rioscaí a bhainistiú, agus na dinimicí a bhaineann le hidirghníomhuithe grúpa a thuiscint. Le súgradh faoi stiúir an pháiste, tugann an múinteoir an tacaíocht, na prapaí, an t-am, agus an spás do na páistí chun a súgradh a fhorbairt. Baineann a lán gnéithe leis an ról seo, ar nós cathain idirghabháil a dhéanamh agus cathain seasamh siar. Tógann an múinteoir am chun breathnóireacht a dhéanamh, dul i gcomhairle, pleanáil, agus páirt a ghlacadh i súgradh. Tríd an súgradh, tagann deiseanna chun cinn do pháistí chun a fhoghlaim go n-easaontaíonn daoine agus gur minic gurb é atá i gceist le heasaontuithe a réiteach ná dul i dtaithí ar dhearcadh an duine eile, sin a aithint agus a thuiscint. Mar mhúinteoir, faightear, trí na deiseanna seo, deiseanna inmhúinte chun tacú le páistí smaoineamh ar réitigh ar an gcoimhlint. Sampla eile de dheis a d'fhéadfadh teacht aníos is ea nuair a bhíonn páistí ag ní nó ag athrú na mbábóg i gcúinne an tí. D'fhéadfadh an múinteoir, mar chomh-rannpháirtí sa súgradh, na hainmneacha cearta a thabhairt ar bhaill choirp na mbábóg, ar bhealach nádúrtha, bríoch agus spraíúil. Soláthraíonn an súgradh a lán deiseanna do pháistí le haghaidh foghlaim faoi OSPS/OCG, mar tugann páistí go nádúrtha a spéiseanna agus a bhfiosrachtaí leo go dtí an súgradh, go minic, gan an topaic a bheith curtha i láthair ar chor ar bith agat sa rang.

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

## Réimse leathan de mhodheolaíochtaí gníomhacha a úsáid chun freastal ar riachtanais na bpáistí i do rang

**Forléargas an mhúinteora**

*Mar mhúinteoir naíonán bhraith mé go soláthraíonn an súgradh a lán deiseanna do pháistí le haghaidh foghlaim faoi OCG, go minic, gan an topaic a bheith curtha i láthair ar chor ar bith agat sa rang. Mar shampla, má tá máthair duine éigin ag iompar clainne, féadfaidh na páistí a bheith ag súgradh, ag cur i gcéill go bhfuil babaí nua acu nó gur dochtúirí agus altraí iad. Ach bhraith mé gurbh éigean dom a bheith eolach ar steiréitiopáil inscne a d'fhéadfadh tarlú sa súgradh, agus b'éigean dom a chinntiú go raibh deis ag na páistí go léir i mo rang a bheith páirteach sna róil éagsúla. Uair amháin, bhí buachaill agam a deireadh leis na cailíní gurbh éigean dóibhsean a bheith ina n-altraí mar gur dhochtúir eisean. Is deis iontach é an cineál seo súgartha chun iad a theagasc agus le haghaidh foghlaim faoi OCG. Ní gá duit ach rith leis an topaic trí phrapaí ábhartha a chur ar fáil – t-léinte bána le haghaidh cultacha dochtúirí agus altraí, póstaer de na baill choirp ar an mballa, bábóga a bhfuil na baill choirp chearta acu agus a léiríonn dathanna éagsúla craicinn, gothaí gnúise agus míchumais fhisiciúla, clúidíní, éadaí linbh, etc.*

**Caint agus comhphlé:** Is iomaí sin sampla de mhodheolaíochtaí maidir le caint ghníomhach agus comhphlé. I measc roinnt samplaí tá:

**Díospóireacht siúil:** Is straitéis úsáideach agus spraíúil é seo chun cumarsáid agus scileanna smaointeoireachta criticiúla páistí a fhorbairt. Tar éis trí chomhartha a ghreamú den bhalla (Comhaontaím, Easaontaím agus Nílim cinnte) glaonn an múinteoir amach an rún le haghaidh díospóireachta agus ní mór do gach scoláire bogadh go dtí an comhartha a théann lena t(h)uairimí. Iarrtar ar na páistí ansin a seasamh a mhíniú nó údar a thabhairt dó. Is féidir le páistí athrú tuairime a chur in iúl trí bhogadh go fisiciúil i dtreo seasamh difriúil.

**Comhphlé rothlach:** Is é is comhphlé rothlach ann gníomhaíocht foghlama chomhoibríoch ar féidir é a úsáid chun foghlaim a threisiú ag deireadh cheacht OSPS/OCG nó réamheolas a ghníomhú ag tús ceachta. Scoilteann an múinteoir an rang i ngrúpaí beaga agus cruthaíonn roinnt ionad uimhrithe timpeall an tseomra ranga (braitheann an líon ionad ar an líon grúpaí). Bíonn píosa mór páipéir ag gach ionad ar a bhfuil ceist scríofa ag an mbarr. Tosaíonn gach grúpa páistí ag ionad difriúil. Socraíonn an múinteoir amadóir, agus fanann na páistí ag gach ionad ar feadh na tréimhse ama socraithe sin. Le linn a gcuid ama ag gach ionad, léann na páistí an cheist agus ansin cuireann siad a smaointe/freagraí féin leis an bpáipéar. Nuair a bhuaileann an t-amadóir, bogann siad ar aghaidh go dtí an chéad ionad eile. De réir mar a bhogann páistí timpeall na n-ionad, is féidir leo a fheiceáil cad atá scríofa ag grúpaí eile. Tar éis do na páistí cuairt a thabhairt ar na hionaid go léir, éascaíonn an múinteoir comhphlé gairid.

**Ransú smaointe ciorclach:** Suíonn na páistí i gciorcal. Tosaíonn an múinteoir le téama, ceist nó fadhb do na páistí le smaoineamh uirthi. Tógann na páistí nóiméad chun smaoineamh faoin gceist ina dtost agus scríobhann siad a smaoineamh/freagairt ar phíosa páipéir. Roghnaítear páiste amháin chun tús a chur leis an bpróiseas trína gcéad fhreagairt a léamh fad is go n-éisteann na páistí eile. Nuair atá an páiste seo réidh ag caint, tugann an páiste atá ina shuí ar thaobh a láimhe deise pointe nó smaoineamh eile. Ag oibriú deiseal timpeall an chiorcail, labhraíonn nó scríobhann gach páiste síos smaoineamh amháin – ceann nár luadh go fóill más féidir – go dtí go mbíonn ciorcal iomlán curtha i gcrích. Taifeadann an múinteoir na príomhphointí a tarraingíodh aníos agus cuirtear deireadh leis an seisiún le comhphlé ranga uile.

**Obair chiorcail:** Is spreagadh é suí i gciorcal le haghaidh dea-chumarsáide agus léirítear leis na prionsabail comhroinnt, comhionannas, agus ionchuimsitheacht, chomh maith le comhbhá dá chéile. Bíonn obair chiorcail úsáideach chun páistí a mhealladh le smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh. Is féidir leis an múinteoir ceisteanna cuí a úsáid chun cabhrú le páistí smaointe agus coincheapa a fhiosrú agus a ndúshláin a thabhairt. Bíonn seo ina chabhair go háirithe do páistí a bhíonn ag plé le saincheisteanna agus topaicí dúshlánacha nó íogaire.

**Smaointeoireacht chriticiúil ag úsáid pictiúrleabhar:** Bíonn pictiúrleabhair oiriúnach do páistí ar gach aois, ag spreagadh comhphlé, machnaimh agus foghlama. Soláthraíonn pictiúrleabhair ar ardchaighdeán spás sábháilte do pháistí chun dul i ngleic le coincheapa agus smaoineamh orthu trí lionsa ficsin, ag nascadh ag an am céanna lena n-eispéiris féin leo siúd a chuirtear i láthair. Is féidir pictiúrleabhair a bheith ina n-acmhainn luachmhar

do mhúinteoirí chun tacú le cur chuige ionchuimsitheach i leith na gcultúr, na gcúlraí agus na n-eispéireas éagsúil a bhíonn ag páistí agus teaghlaigh ina seomra ranga.

**Gníomhaíochtaí scríofa:** Soláthraíonn cineálacha áirithe gníomhaíochtaí scríofa deiseanna chun saincheisteanna agus gnéithe de OSPS/OCG a fhiosrú. Is bealaí úsáideacha iad suirbhéanna, seicliostaí agus ceistneoirí chun smaointeoireacht páistí a spreagadh. Is bealach úsáideach é freisin scríbhneoireacht mhachnamhach do pháistí chun machnamh a dhéanamh agus smaoineamh faoin bhfoghlaim de réir mar a bhaineann sé leo. Is gníomhaíocht scríofa úsáideach iad tionscadail ar féidir leo forbairt roinnt scileanna a spreagadh, ag tacú ag an am céanna le heispéiris bhríocha foghlama a bhaineann le saincheisteanna agus topaicí in OSPS/OCG. Nuair is féidir, ba cheart gníomhaíochtaí scríofa a bheith dírithe ar scileanna smaointeoireachta ardoird páistí a fhorbairt.

**Foghlaim bunaithe ar thionscadal:** Sa mhodheolaíocht seo, faigheann páistí tuiscint agus scileanna trí bheith ag obair ar thionscadal ar feadh tréimhse fhada ama. Oibríonn páistí le chéile nó ina n-aonar, chun ceisteanna, fadhbanna agus dúshláin tharraingteacha a fhiosrú agus freagairt orthu. Is minic a dhírítear san fhoghlaim bunaithe ar thionscadal ar fhadhbanna ón bhfíorshaol a réiteach, agus léiríonn páistí a bhfoghlaim trí fhoirm éigin d'aschur a fhorbairt (m.sh., cur i láthair, físeán, doiciméad) a léiríonn a bhfoghlaim. Is féidir leis an bhfoirm foghlama seo a bheith ina cabhair chun smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus scileanna cumarsáide páistí a fhorbairt, chomh maith lena gcumas a bheith ag obair le daoine eile.

**Cásanna ficseanúla nó cás-staidéir a úsáid:** Is fearr lena lán páistí cuir chuige teagaisc agus foghlama lena ligtear dóibh ceisteanna ón bhfíorshaol atá ábhartha dá saol faoi láthair agus amach anseo a phlé. Ach bíonn sé tábhachtach freisin roinnt achar mothúchánach a chruthú. Ar an gcúis seo, is féidir é a bheith an-éifeachtach ceachtanna a dhearadh timpeall ar chásanna ficseanúla nó cás-staidéir (bíodh siad ficseanúil nó fíor) a fhéadfaidh páistí a bheith ábalta a thuiscint. I gcásanna mar seo, is féidir páistí a spreagadh chun smaoineamh ar an gcás ó pheirspictíocht carachtair, nó comhairle a thabhairt do charachtar sa chás, nó fadhb a réiteach nó teacht ar réiteach sa chás. Is féidir leis an modheolaíocht freisin páistí a spreagadh chun comhbhá a léiriú leis na mothúcháin nó leis an gcás ina bhfuil na carachtair. Tá an fiosrú seo, a bhaineann le 'tharla rud éigin do dhuine éigin eile' an-éagsúil ó bheith ag caint faoina n-eispéiris féin agus is féidir tacú le timpeallacht foghlama shábháilte.

**Rólimirt:** Le rólimirt, soláthraítear cásanna foghlama gníomhaí ina bhfiosraítear caidrimh, iompar agus imeachtaí daonna, agus ligtear do pháistí cásanna ón bhfíorshaol a léiriú agus ciall a bhaint astu: bíonn sé seo tábhachtach go háirithe maidir le bheith ag tacú le riachtanais chognaíocha agus mhothachtálacha páistí in OSPS/OCG. Trí rólimirt, is féidir le páistí a mothúcháin, tuiscint agus eolas a chur i láthair, agus stiúrtar iad go mothúcháin nua, tuiscint nua, agus eolas nua. Is féidir le páistí dráma a dhéanamh freisin de réitigh agus torthaí éagsúla i leith cinnteoireachta ar féidir iad a bheith ina mbonn le machnamh agus comhphlé.

**Forléargas an mhúinteora**

*Is minic a úsáidim modheolaíochtaí a mbíonn spéis agam iontu agus taithí agam orthu. Braithim compordach go háirithe ag úsáid na nEalaíon chun topaicí agus saincheisteanna in OCG a fhiosrú. Úsáidim drámaíocht, amharcealaín agus ceol. Braithim go n-oibríonn siad go háirithe maith mar tá muinín agam iad a úsáid, agus tuigeann na páistí sin. Is minic a dhéanaim machnamh ar an inneachar atá le teagasc agus forbraím bealaí chun an fhoghlaim a chomhtháthú i ndrámaíocht, ealaín, nó imeachtaí ceoil. Cé gur féidir an chaint agus an comhphlé sna ranganna sinsir a bheith dúshlánach in amanna, braithim go mbíonn comhthéacs na gceisteanna agus an comhrá leis na páistí agus ina measc níos réchúisí agus oiriúnaí nuair a bhíonn gníomhaíochtaí dea-struchtúrtha agus tarraingteacha agam, ag úsáid modheolaíochtaí a bhfuil taithí ag na páistí orthu.*

**Na meáin chumarsáide a úsáid:** Féadfar pictiúir, grianghraif, íomhánna amhairc agus físeáin a úsáid ar roinnt bealaí in OSPS/OCG. Caithfidh páistí scileanna tuisceana agus anailíse criticiúla a fhorbairt chun déileáil le cuid mhór den fhaisnéis atá ag teacht salach ar a chéile agus den mhífhaisnéis a fhaigheann siad ó fhoinsí éagsúla. Is bealach láidir iad pictiúir agus grianghraif chun freagairt a spreagadh nó spéis a mhúscailt i dtopaic nó in ábhar faoi leith. Trí íomhánna amhairc cuirtear ar a gcumas do na páistí:

- claontacht a fhiosrú
- inneachar íomhá a cheistiú
- tuairimí éagsúla a fhiosrú
- a dtaithí féin a chur i gcomparáid leis an réaltacht

# Réimse leathan de mhodheolaíochtaí gníomhacha a úsáid chun freastal ar riachtanais na bpáistí i do rang

- meonta agus tuiscint ar choincheapa áirithe a fhiosrú
- steiréitíopáil agus na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir daoine a scrúdú.

Is bealach cabhrach iad pictiúir chun faisnéis íogair nó chonspóideach a chur i láthair páistí. Mar shampla, d'fheadfadh an múinteoir pictiúir oiriúnacha a úsáid chun cabhrú le páistí cineálacha éagsúla teaghlaigh agus an ilchineálacht a thuiscint agus dúshlán steiréitíopaí agus claontachta a thabhairt.

**Am ciúin agus amharcléirithe:** Is bealach iontach é modheolaíochtaí mar 'am ciúin' agus 'amharcléirithe' a úsáid do pháistí chun tosú ar na buntáistí a bhaineann le bheith ciúin, socair agus suaimhneach a aithint. Leis na modheolaíochtaí seo, is féidir páistí a chumasú chun moilliú, a bhfócas agus a bhfeasacht a fheabhsú agus sos a ghlacadh óna lá gnóthach. Le linn am ciúin, tugtar deis do pháistí díriú ar bheith ciúin agus socair agus a n-aird a dhíriú ar a n-análú (CNCM, 1999b, lch. 37). Is straitéis teagaisc é amharcléiriú is féidir a úsáid chun ábhair faitís nó imní a fhiosrú ar bhealach neamhbhagrach; chun fís dá bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach a chruthú chun cabhrú sinn féin a thiomnú ar bhealach níos iomláine dár spriocanna; chun ullmhú le haghaidh cásanna strusmhara nó dúshlánacha trínár rath a shamhlú roimh ré; chun féinfheasacht a mhéadú agus féinmheas a choinneáil trí rath san am a chuaigh thart a amharcléiriú, agus is féidir a úsáid chun seisiún a oscailt nó a dhúnadh trí shocracht agus suaimhneas a chruthú. Ba cheart go dtarlódh amharcléirithe i dtimpeallacht shuaimhneach, gan chur isteach. Le linn amharcléirithe treoraithe, léann an múinteoir ó script i nglór soiléir suaimhneach. Nuair a bhíonn tú ag dúnadh ceacht amharcléirithe, tabhair an t-am do na páistí 'teacht ar ais' go réidh go dtí an t-am i láthair. Uaireanta, bíonn sé cabhrach cuntas óna cúig go dtí a haon chun deireadh an amharcléirithe a chur in iúl, agus chun ligean do na scoláirí teagmháil súl a dhéanamh le páistí eile roimh bhogadh ar aghaidh. Féach an rannán léitheoireachta thíos le haghaidh samplaí d'amharcléirithe treoraithe.

## An chéad chéim eile?

### Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?

**Foghlaim sa bhaile:** Féadfaidh tú smaoineamh ar ghníomhaíochtaí a chur ar fáil ag úsáid modheolaíochtaí gníomhacha, amhail pictiúir agus grianghraif a úsáid.

**Cumarsáid:** Roimh ghnéithe áirithe de OSPS/OCG a theagasc, d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair roinnt samplaí de na modheolaíochtaí gníomhacha a bheidh tú a úsáid i do sheomra ranga a chomhroinnt le tuismitheoirí.

### Léitheoireacht Bhreise

Ábhair thacaíochta Aistear le haghaidh 'súgradh' i luath-bliana na bunscoile:
- An tábhacht atá le súgradh
- Wendy Lee - The power of play in building empathy and social competence (Físeán)

**Acmhainní agus Tacaíochtaí:** Tá roinnt acmhainní curtha ar fáil ag SFGM (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) chun tacú le teagasc OSPS.
- Modheolaíochtaí gníomhacha
- Intreoir do OSPS
- Pictiúir, grianghraif, íomhánna amhairc
- Amharcléirithe treoraithe: Análú, Féinrialáil agus Teicnící Scíthe do Pháistí

### Tagairtí


CNCM. (1999a). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

CNCM. (1999b). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – Treoirlínte don Mhúinteoir*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.